Digiteach

## Craolachán Digiteach

Is modh nua go maith craolacháin é Craolachán Digiteach agus is éard a bhíonn i gceist leis formáid dhigiteach a chur in áit comharthaí analógacha chun caighdeán agus rogha níos fearr a sholáthar don lucht éisteachta. Faoi láthair, úsáideann RTÉ Teilifís agus Raidió líonra tarchuir trastíre chun comharthaí teilifíse agus raidió saor go haer analógach a sheachadadh chuig 99% den daonra in Éirinn. Tá sé i gceist ag an AE analógach a mhúchadh agus athrú chuig ardán digiteach i ngach ballstát den AE faoi 2012. Mar fhreagra air sin, tá RTÉ ag tacú faoi láthair le Rialtas na hÉireann chun polasaithe digiteacha a fhorbairt do raidió agus teilifís trastíre in iarracht chun ár ndualgas Seirbhíse Poiblí a chomhlíonadh agus teacht ar ár lucht éisteachta go léir.

## Raidió Digiteach

Tagraíonn Raidió Digiteach d'aon seachadadh raidió i bhformáid dhigiteach. Is féidir leis sin a bheith ar an aer, ar shatailít nó ar chábla agus ar líne. Tarchuireann Craoladh Digiteach Fuaime (DAB) Raidió Digiteach ar an aer. Tugann Raidió Digiteach DAB fuaim níos soiléire, tugtar níos mó rogha don éisteoir agus bíonn gnéithe nua éagsúla mar sos / cúlchas agus tiúnadh tadhaill ar fáil. Faoi láthair, faigheann beagnach 475 milliún duine Raidió Digiteach DAB i 40 tír ar fud an domhain. Tá RTÉ, mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, mar cheannródaí maidir le Raidió Digiteach DAB a fhorbairt in Éirinn.

Cad iad na buntáistí a bhaineann le Raidió Digiteach DAB?

- Fuaim níos soiléire, níos fearr – saor ó thrasnaíocht 'siosarnach agus scoilteadh'
- Níos mó rogha don éisteoir agus ábhar leathan éagsúil
- Éasca le húsáid – tiúnadh tadhail le saoráidí sosa agus cúlchas
- Seirbhísí breise trí do raidió digiteach lena n-áirítear ainm an stáisiúin.

## Teilifís Dhigiteach

Tarchuireann teilifís dhigiteach comhartha teilifíse tríd an bhformáid chéanna de chód digiteach a úsáid agus a úsáidtear i ríomhairí. Is teicneolaíocht é seo atá níos mó chun cinn ná an córas analógach atá in úsáid faoi láthair mar ligteat do chraoltóirí níos mó clár a sheachadadh, agus dá réir bíonn níos mó éagsúlachta ann. Soláthraítear pictiúir níos soiléire, níos cobhsaí agus caighdeán fuaime níos fearr. Sa lá atá inniu ann, is trí Pay TV atá Teilifís Dhigiteach ar fáil in Éirinn ar roinnt ardán, mar chábla, MMDS agus satailít.

I mí Lúnasa 2006, thosaigh Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) saor go haer Píolóta dhá bhliain in Éirinn agus sa tréimhse sin tarchuirfidh craolacháin DTT ón láithreán Three Rock i mBaile Átha Cliath agus ón láithreán Clermont Carn i gContae Lú. Is é cuspóir na trialach na saincheisteanna a bhaineann le haistriú ó analógach go digiteach a aithint.

Cad iad na buntáistí a bhaineann le Teilifís Dhigiteach?

- Níos mó éagsúlachta agus rogha cainéil
- Pictiúr agus fuaim níos fearr
- Seirbhísí breise a bheith ar fáil mar theilitéacs digiteach agus idirghníomhaíocht
- Éasca le húsáid.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó RTÉ
www.rte.ie/about/rtedigital_english.pdf
www.rte.ie/about/rtedigital_irish.pdf